Body of European Regulators
for Electronic Communications
BEREC

**PREASEISIÚINT**

BEREC: an 4ú fóram do Pháirtithe Leasmhara
An nascacht agus an nuálaíocht san Eoraip a fheabhsú

Déanfaidh Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) an ceathrú fóram dá chuid do Pháirtithe Leasmhara a reáchtáil sa Bhruiséil ar 17 Deireadh Fómhair. Ócáid mhór san earnáil teileachumarsáide atá ann, agus díreofar i mbliana ar chlár oibre BEREC do 2017 agus ar an athbhreithniú leanúnach ar an gcreat rialála le haghaidh na cumarsáide leictreonaí. Sa chomhthéacs seo, déanfar dhá shaincheist mhóra ar leith a phlé ag an bhfóram: nascacht a sholáthar do gach saoránach Eorpach, agus forbairt an gheilleagair dhigitigh a éascú. Meastar go mbeidh thart ar 220 rannpháirtí ag freastal ar an bhfóram agus ag idirghníomhú leis na cainteoirí, lena n-áirítear go leor oibreoirí ó shaol na teileachumarsáide agus ón saol digiteach.

**Cad iad na réitigh atá ann chun nascacht a chur ar fáil do gach saoránach?**

Príomhthosaíocht is ea nascacht a chur ar fáil do gach saoránach, faoi mar a dhearbhaigh an Coimisiún Eorpach arís le déanaí. Maidir leis sin, tá tábhacht ar leith ag baint le hinfheistíochtaí ó na hoibreoirí mar aon le réitigh nuálacha chun an cur i bhfeidhm a éascú le bheith in ann déileáil le riachtanais na n-úsáideoirí deiridh, riachtanais a bhíonn ag athrú go tapa. Ag an gcéad chruinniú comhchéime, beidh an deis ann anailís a dhéanamh ar na réitigh éagsúla sin ar fad agus féachaint go cruinn ar an ról atá ag cúrsaí rialála chun iad a bhaint amach.

Tabharfaidh an chéad phainéal cainteoirí, faoi stiúir Sharon White, Príomhfheidhmeannach Ofcom (rialtóir na Breataine), a dtuairimí uathu ar na saincheisteanna sin:

- **Pilar del Castillo**, Feisire de Pharlaimint na hEorpa;
- **Eelco Blok**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin KPN, oibreoir ón Ísiltír;
- **Xavier Niel**, Leaschathaoirleach ar an mBord Stiúrthóirí agus Príomhoifigeach Straitéise le Illiad;
- **Sam Crawford**, Bunaitheoir SamKnows

**An geilleagar digiteach a chumasú – cén ról atá ann d’infheistíochtaí agus don rialáil?**

Tá aird mhór á díriú freisin ar fhorbairt an gheilleagair dhigitigh. Foinse nua nuálaíochta, gníomhaithe nua agus seirbhísí nua atá sa timpeallacht seo a bhíonn ag athrú go tapa. Foinse

an iliomad dúshlán do chúrsaí rialála atá ann freisin, áfach, mar atá léirithe sa phlé ar neodracht an idirlín. Os a choinne sin, is féidir cheisteanna a chur faoi thionchar na rialála, mar aon le tionchar infheistíochtaí, ar an earnáil seo agus faoina ról chun feabhas a chur ar an nuálaíocht. I dteannta na bpríomhfhorbairtí san earnáil, beidh an tsaincheist sin i measc na bpríomhábhar a phléifear ag an dara cruinniú comhchéime.

Beidh an cruinniú comhchéime sin faoi stiúr Johannes Gungl, Stiúrthóir Bainistíochta an rialtóra Ostaraigh RTR, agus áireofar iad seo a leanas i measc na gcainteoirí:

- **Gavin Patterson**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin BT Group;
- **Martin Kaiser**, Leasuachtarán ar an rannóg seirbhísí le Hager Group;
- **Annina Koskiola**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Proximi.io;
- agus **Winston Maxwell**, saineolaí ar neodracht an idirlín a bhfuil clú agus cáil air.

I rith na gcruinnithe comhchéime éagsúla, deis a bheidh san fhóram tuairimí a lorg ó na rannpháirtithe maidir le clár oibre BEREC le haghaidh 2017 ina ndíreofar go háirithe ar dhúshláin nascachta, ar an idirlíon oscailte, agus ar an athbhreithniú ar an gcreat.

Is iad Wilhelm Eschweiler, Cathaoirleach BEREC 2016, agus Sébastien Soriano, Cathaoirleach BEREC do 2017, a chuirfidh tús leis an ócáid. Is é an Coimisinéir Oettinger a chuirfidh clabhsúr ar an bhfóram.

Beidh an t-imeacht oscailte don phobal agus beidh sé á chraoladh beo ar líne ar chuntas YouTube BEREC. Is féidir le gach duine tuairimí a léiriú nó ceisteanna a chur ar na cainteoirí go díreach ar Twitter ach leas a bhaint as #BERECforum.

Nasc chuig an gclár oibre: http://berec.europa.eu/eng/events/berec_events_2016/124-4th-berec-stakeholder-forum-meeting